

**Cinneadh Tuairisce Cuairteanna na
Comhchigireachta agus Cuairteanna NEPS ar
Shuímh Oideachais in Ionaid Fáiltiú agus
Treoshuíomh Éigeandála (EROC)**

Meitheamh 2018



**An Roinn Oideachais
agus Scileanna
Department of
Education and Skills**

CIGIREACHT



**An tSeirbhís | National
Náisiúnta | Educational
Síceolaíochta Oideachais | Psychological Service**

Réamhrá

Bhunaigh an Rialtas Clár Cosanta na hÉireann do Dhídeanaithe (IRPP)¹ ar an 10 Meán Fómhair 2015 chun tearmann sábháilte a ofráil dóibh siúd a bhí ag lorg cosaint idirnáisiúnta mar fhreagra díreach ar an ngéarchéim daonchairdiúil a tharla i nDeisceart na hEorpa toisc imirce na sluaite ó limistéir chogaidh sa Mheán-Oirthear agus san Afraic. Faoin gclár seo, gheall an Rialtas glacadh le 4,000 duine isteach sa Stát.

Is í an Oifig um Imeachadh Imircigh (OPMI) a stiúraíonn an IRPP. Cur chuige ilchineálach atá acu a chuimsíonn Ionaid Fáiltiú agus Treoshuíomh Éigeandála (EROC) faoi chonradh leis an An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais (RDCC) chun cóiríocht a sholáthar do dhídeanaithe mar chuid de thiomantas na hÉireann an ghéarchéim sa Mheánmhuir a mhaolú. Is í príomhfheidhm an EROC ná *“bunriachtanais a sholáthar do na háitritheoirí maraon leis an réimse leathan seirbhísí tacaíochta nach mbíonn, ar an mórgóir, ar fáil ag lucht iarrtha tearmainn.”*

Le linn 2016 agus 2017 bhunaigh an RDCC trí EROC i nDún Garbhán, Mainistir Eimhín agus Bealach an Doirín. Bunaíodh na EROC mar bhailte sa ghearthéarma do dhídeanaithe go ceann 3-4 mhí mar thréimhse bunaidh fáiltiú agus taithí go dtí go lonnófaí iad faoin IRPP in áiteanna éagsúla ar fud na tíre.

Nuair a bhunaíonn an RDCC na EROC, ní mór an deis a bhíonn acu plé go mion le Ranna agus Áisinteachtaí eile. Is é an rud a bhíonn á lorg ag an RDCC ón ROS ná oideachas eatramhach a sholáthar do leanaí in aois scoile agus do dhaoine fásta (soláthar réamhscoile le linn na tréimhse fáiltithe úd san áireamh). Toisc moill ar an bpróiseas athlonnaithe, maidir le teacht ar thithíocht nach bhfuil aon smacht ag an RDCC air, fanann teaghlaigh dídeanaithe sna EROC tamall maith níos faide ná an tréimhse trí mhí a luadh ar dtús, mar shampla chaith teaghlaigh i Ros Comáin breis is naoi mí san Ionad.

Maidir le hoideachas, bhí dóchas ag an Roinn Dlí agus Cirt go mbeadh teacht ag leanaí sna hionaid ar *‘sheirbhísí lárshrutha le muintir na háite ach gan cur isteach ar sholáthar seirbhísí áitiúla’*. Is fíor, áfach, go raibh deacrachtaí ag baint le leanaí lucht EROC a chlárú sna scoileanna áitiúla toisc nach raibh spás iontu dóibh nó gur tuairiscíodh imní faoi dhaltaí nua gan taithí ar an áit ag teacht go rialta ar feadh na bliana scoile. Cé gur ceapadh go gclárófaí

¹ Foinse: Coimriú an Roinn Dlí agus Cirt ar oscailt EROC Bhealach an Doirín mí Eanáir 2017

na leanaí ó na trí hionad EROC sna scoileanna áitiúla mar bhealach ar thacú le himeascadh, agus go deimhin tharla a leithéid do chuid de na leanaí, tuairiscíodh easpa líon spás sna scoileanna áitiúla. Dá dheasca san cinntíodh ar oideachas a sholáthar laistigh de na hionaid fhéin trí mhaoiniú ón Roinn Oideachais agus Scileanna trí na Boird Oideachais agus Oiliúna (BOO). Tharla an soláthar ar bhonn ócáideach ar dtús nuair a osclaíodh na hionaid. Cé go dtugtar “scoileanna EROC” ar a leithéid sa tuairisc cumaisc seo, níl uimhreacha rolla ná aitheantas oifigiúil acu mar scoileanna laistigh den Acht Oideachais 1998.

Tar éis comhráit le hAonad Cuimsiú Sóisialta na Roinne, an Chigireacht agus an tSeirbhís Náisiúnta Siceolaíochta Oideachais (NEPS), beartaíodh go deireanach i bhFómhar na bliana 2017 go dtabharfadh meithil mar chigire agus siceolaí cuairt ar na hionaid ar fad chun teacht ar riachtanais oideachais na leanaí maraon le nádúr agus cáilíocht an tsoláthar oideachais a bhí ar fáil sna EROC. Bhailigh baill NEPS sonraí agus rinne athbhreithniú ar litríocht ábhartha (féach Aguisín 1) mar iarracht ar an ndeachleachtas idirnáisiúnta ab fhearr chun freagairt do riachtanais na ndéanaithe leanaí. Phléigh baill ón gCigireacht cur chuige aontaithe luachála chun cáilíocht agus oiriúnacht an oideachais sna scoileanna EROC a bhunú. Bhí cúram eile leis ar an NEPS mar dhírú go háirithe ar riachtanais siceolaíochta na leanaí sna hionaid agus an cineál seirbhís siceolaíochta a bheadh uathusan. Beireann an tuairisc seo na torthaí do na trí hionad ón NEPS agus an Chigireacht le chéile agus déantar anailís orthu.

Nóta ar Normalú agus Paiteolaíocht

Cé go bhfuil taithí ag an-chuid leanaí agus daoine óga sa tsoláthar EROC ar chailleanas an-mhór agus coscairt, is go mbíonn gá le soláthar speisialtacha chun iad a bhreith isteach sa chóras ar bhonn sásúil, ina ainneoin sin thuig na siceolaithe go raibh teacht aniar sna leanaí, go gcaithfeadh a dteaghlach is a bpobail tacú leo, go mbeadh taithí normálta uathu maraon le tamall aimsire chun luí isteach le tír agus cultúr nua. Bíonn leanaí tapaidh maidir le cur in oiriúint agus níor chóir do dhaoine fásta a oibríonn leo bheith ag faire ar chúrsaí paiteolaíochta. De réir taighde caithfidh múinteoirí a bheith ar an airdeall maidir le comharthaí coscartha nó suaite a leanann nó a thagann chun cinn tar éis do na leanaí bogadh isteach sna pobail nua. Ar an gcuma san féadfar ansin na tacaíochtaí agus eadrána cuí a sholáthar.

Modheolaíocht

Chun cur chuige leanúnach a chinntiú roimh chuirteanna ar na hionaid, d'oibrigh cigirí le comhleacaithe siceolaíochta ina mbeirteanna agus dáileadh iad ar na hionaid. Faoi threoir ag an bPríomh-Chigire Cúnta agus Stiúrthóir Réigiúnach NEPS, d'aontaigh na meithil ar réimse ceisteanna lena n-úsáid do gach aon chuairt a léireodh na dálaí seo a leanas:

- nádúr pobal na ndaltaí
- an cháilíocht teagaisc agus foghlama

- riachtanais FGL na foirne
- soláthar ar son leas na leanaí
- géilliúlacht do na rialacháin um chosaint leanaí

Tharla na cuairteanna mí na Nollag 2017 agus Eanáir 2018 tar éis socrú leis an IRPP agus tugadh fógra dhá lá do Bhainisteoir an Ionaid i ngach aon chás. Chaitheadh an meitheal thart ar leath-lá in aon ionad amháin is bhí a dtaifid scríofa fhéin ag na cigirí is siceolaithe ar leith. Ach na cuairteanna go léir thart bhuail na trí chigire leis an bPríomh-Chigire Cúnta chun na torthaí a roinnt, a phlé agus anailís a dhéanamh orthu. Rinne na trí shiceolaí agus a mbainistíocht siúd san NEPS an beart céanna. Aontaíodh achoimrí ón ndá sheirbhís agus tháinig cigire is siceolaí le chéile chun an tuairisc chumaisc seo a ullmhú is a scríobh.

Fianaise – Comhthéacs na Scoileanna EROC

Óstán Hazel, Mainistir Eimhín, Co Chill Dara (Osclaíodh sa bhFómhar 2016): san ionad seo bhí leanaí idir bhreith go haosaigh óga. Roimh theacht go dtí an EROC, don chuid ba mhó bhídís ag bogadh timpeall le thart ar trí bliana. Maidir le hoideachas bhí cuid acu nach raibh riamh ar scoil is cuid eile a fuair oideachas go príobháideach. Léirigh a bhformhór meon dearfach i leith na scoile. Luaigh múinteoirí go raibh rud éigin bunúsach á spreagadh chun foghlama is gur theastaigh óna muintir go n-éireodh leo. Bhí fiche scoláire in aois bunscolaíochta, trí dhuine déag in aois meánscolaíochta agus naonúr in aois naoínra nó réamhscoile. Bhí dream a tháinig le déanaí ach nach raibh ar scoil mar bhí siad fós ag socrú isteach. Le linn na tréimhse sin bhíodhas ag súil go rachaidís i dtaithí ar an gcóiríocht nua is an timpeallacht sula dtosnóidís ar ghnáthchúrsaí an oideachais rialta.

Bhí na leanaí réamhscoile tar éis bheith ar réamhscoil sa bhaile mór. Bhí socrúithe nua á bplé a ligfeadh don naíolann ar shuíomh leanaí a chlárú ar bhonn gearrthéarmach ar dtús agus bhogfaidís ar aghaidh ina dhiaidh sin go dtí an réamhscoil ar an mbaile. Sa scoil EROC bhí beirt cáilithe is cláraithe mar mhúinteoirí bunscoile agus roinnt taithe acu ar ghrúpaí mionlaigh nó daltaí ag a bhfuil riachtanais Béarla mar Theanga Bhreise (EAL). Mhaoinigh an BOO ball foirne a fhostú mar chomhordaitheoir. Bhíodh an scoil ag feidhmiú cúig lá na seachtaine i rith an tsamhraidh. Tráth na cuairte bhí trí dhalta déag sa scoil EROC agus ceathrar eile a chuaigh ar aghaidh ón dtréimhse socrúithe is a d'imíodh ar bhus gach lá go Scoil *Ag Foghlaim Le Chéile* Chill Dara (KETNS). Ní raibh aon scoláire sa scoil EROC ar thráthchlár laghdaithe scoile nuair a tharla an chuairt, cé gurbh fhéidir go mbíodh daltaí ag teacht ar feadh tréimhsí níos giorra roimhe sin. Thuig na múinteoirí go raibh orthu na leanaí a ullmhú do sheomra ranga lárshrutha sa tír seo idir theanga, iompar agus cultúr. Tugadh aird faoi leith ar fholláine agus leas na ndaltaí, go háirithe le linn na tréimhse socrúithe. Múineadh curaclam leathan

(seachas Creideamh) agus bhí béim speisialta ar Bhéarla, Matamaitic fheidhmeach, Tíreolaíocht agus roinnt Gaeilge. D'oibrigh an scoil freisin chun tacú le tuismitheoirí trí lón folláin a spreagadh is trí ghnáthaimh a bhunú maidir le leanaí a bhreith ar scoil is a bhailiú arís.

De ghnáth d'fhanadh leanaí sa scoil EROC ar feadh trí nó ceithre mhí roimh dhul ar aghaidh chuig bunscoil nó meánscoil áitiúil. Soláthraíodh éide scoile agus málaí dóibh agus d'eagraigh na hOifigigh Leasa Oideachais na haistrithe. Cuireann na scoileanna an-fháilte roimh na daltaí agus in áiteanna eagraíodh ócáidí do na tuismitheoirí idir an tSír agus muintir na háite chun deis a thabhairt dóibh plé le chéile agus cumarsáid a bhunú.

Óstán *Clonea Strand*, Dún Garbhán, Co Phort Láirge (Osclaíodh Fómhar 2016):

San ionad seo bhí leanaí idir bhreith go haosaigh óga. Nuair a tugadh an chuairt ní raibh aon naíolann san ionad ach dúradh go raibh plean chun ceann a oscailt sar i bhfad toisc nach raibh spás ar bith sa cheantar áitiúil. Bhí cúig leanaí is tríocha in aois bunscoile ag freastal ar an scoil EROC agus seachtar níos sine ag dul chuig na meánscoileanna áitiúla. Bhí an ráta tinrimh go maith sa scoil EROC mar a raibh trí sheomra ranga agus múinteoirí cáilithe cláraithe. Bhí ball foirne BOO fostaithe mar chomhordaitheoir. Bhí cúlra ag na múinteoirí i mBéarla mar Theanga Bhreise (EAL) agus ar phlé le grúpaí mionlaigh agus FGL déanta ag cuid acu maidir le daoine a raibh tráma orthu. Is iad 9.00am-1.00pm ó Luan go Déardaoin na gnáthuaireanta oscailte agus leantar den scoil le linn tréimhse laethanta saoire an tsamhraidh.

Ba léir go raibh an curaclam bunscoile á mhúineadh agus béim faoi leith ar an dteanga labhartha, Matamaitic agus Tíreolaíocht chun na daltaí a ullmhú don aistriú isteach i scoileanna lárshrutha. Tugadh cuairt ar na scoileanna lárshrutha agus tháing a ndaltaí siúd go dtí an scoil EROC. Bunaíodh naisc le clubanna áitiúla CLG agus Sacair. Le linn na cuairte tugadh faoi deara meon dearfach na leanaí i leith na scoile agus feabhas ag teacht orthu. Luaigh na múinteoirí gur theastaigh go géar óna muintir go n-éireodh leo.

Bhí sé i gceist go bhfanadh leanaí san ionad seo go ceann trí mhí ach nuair a tugadh an chuairt, bhí cuid acu ann le suas le naoi mí toisc nach bhfuarthas cóiríocht oiriúnach do na teaghlach mhóra. Cé gur léir gur fhreastail daltaí áirithe ar scoil i gcampaí dídeanaithe ar an mbealach go hÉirinn, bhí siad ann leis nach raibh riamh ar scoil.

Óstán *Abbeyfield*, Bealach an Doirín, Co. Ros Comáin (Osclaíodh Earrach 2017):

San ionad seo bhí leanaí ón aois réamhscoile go haosaigh óga. Nuair a tugadh an chuairt ní raibh aon réamhscoil san ionad. Bhí ochtar leanbh is tríocha in aois scoile agus iad ar fad

cláraithe ag an scoil ar shuíomh. Bhí dhá sheomra ranga bunscoile agus aon seomra ranga iarbhunscoile sa scoil. Bhí triúr dalta agus tríocha ag freastal ar an mbunscoil agus bhí cúigear dalta ag freastal ar an iarbhunscoil. Bhí na múinteoirí ar fad cáilithe is cláraithe, taithí is saineolas ag cuid acu ar EAL agus daltaí idirnáisiúnta. Anuas ar an dtriúr múinteoir lánaimseartha, bhí múinteoirí páirtaimseartha agus saorálaigh ag plé le riachtanais áirithe foghlama. Bhí taithí ag an gComhordaitheoir BOO ar oideachas aosaigh is tacaíocht aige ó ionadaí réigiúnach an BOO. Bhí an bhunscoil ag oibriú idir 9.30am-2.10pm do na sóisir agus 9.30am-3.10pm do na sinsir. D'oibrigh an rang iarbhunscoile idir 10.00am- 3.00pm. Bhí na hábhair churaclaim ar bun sa bhunscoil ach amháin Gaeilge agus Creideamh. Rinne na múinteoirí aithris go díreach ar nósanna agus struchtúir an ghnáthsheomra ranga lárshrutha anso in Éirinn chun na daltaí a ullmhú don leithéid. Feidhmíodh an creat Aistear do na sóisir. Sa tseomra iarbhunscoile bhí teacht ar réimse teoranta ábhar (Béarla, Mata, bunús na Staire agus Tíreolaíochta) ach bhí béim faoi leith ar an mBéarla a fhoghlaim agus ar ghnáthaimh is struchtúir rialta. Bhí an tinreamh ar fheabhas agus ní raibh éinne ar thráthchlár laghdaithe, cé gur tharla sé sin ar dtús do chuid acu. Bhí córas maith ann chun an tinreamh a thaifeadadh. D'oibrigh an scoil go hiomlán ar feadh Iúil agus Lúnasa ach dúnadh í do shaoire na Nollag agus na Cásca.

Nuair a tugadh an chuairt, bhí scata maith leanaí ann le breis is trí mhí, cuid acu le beagnach naoi mí. Bhí siad ann gan Bhéarla ar bith acu nuair a chláraigh siad ar dtús. Le linn na cuairte bhí seisear tar éis bogadh go láithreacha i gCorcaigh, Maigh Eo agus Dún na nGall. Cé go raibh plé ar bun maidir le naisc do na daltaí a chruthú le scoileanna tuaithe áitiúla, níor éirigh fós leis an scoil deiseanna imeasctha a bhunú le scoileanna lárshrutha. Thuairiscigh an comhordaitheoir EROC go raibh dúshlán ag baint le haon imeascadh a chruthú le scoil an bhaile mhóir.

Ceisteanna maidir le Ceannaireacht agus Bainistíocht Struchtúrtha

Is iad an ROS agus na BOO áitiúla a mhaoiníonn na scoileanna EROC. Go háitiúil, bíonn pearsanra lárnach ainmnithe ann don chomhordú ag a mbíonn cúlra san oideachas aosaigh nó sa mhúinteoireacht. I ngach aon chás, luaigh na cigirí go raibh an córas úd á fheidhmiú go han-éifeachtach. Ba léir gur chuir cuid de na comhordaitheoirí dua mór orthu féin go pearsanta chun timpeallacht oideachais sábhailte agus spreagthach a soláthar do na daltaí. Bunaíodh gnáthaimh chinnte agus cleachtais bhainistíochta. Tugadh faoi deara, cé go luaitear ganntanas náisiúnta múinteoirí, gur éirigh go breá leis na hionaid is iad ag iarraidh teacht ar fhoireann cháilithe ag a raibh an taithí oiriúnach. Leibhéil reatha foirne á gcur san áireamh, bhí an cóimheas múinteoirí le daltaí beagán níos fearr ná mar a luaitear de ghnáth sna

scoileanna lárshrutha. Is fíor, áfach, gurbh iad an fhoireann lárnach a bhíodh go minic ag plé freisin le riachtanais bhreise oideachais.

Toisc nach scoileanna aitheanta iad na scoileanna EROC laistigh den Acht Oideachais 1998 níl uimhreacha rolla acu. Dar le múinteoirí, dá dheasca san bionn deacrachtaí acu ó thaobh teacht ar chabhair agus FGL ó sheirbhísí tacaíochta na Roinne. Ní aithníonn an córas NCSE iad is dá réir sin níl aon mhaoiniú ar fáil do riachtanais bhreise cúram na leanaí. Saorálaigh a dhéanann an obair seo in ionaid áirithe. Ina theannta san bionn neamhchinnteacht ag baint le rialú na scoileanna. Mar shampla, d'fhéadfadh easpa soiléireachta a bheith ann faoi rialacha agus treoir a eisiúnn an ROS ó am go ham chuig scoileanna aitheanta a leathnú go dtí na scoileanna EROC. Anuas air sin, toisc nach n-aithnítear na scoileanna úd, bíonn castacht ag baint le monatóireacht ar chlárú is tinreamh a dhéanann Oifig Leasa Oideachais Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach. I gcomhthéacs ról agus feidhm na scoileanna EROC a mhíniú amach anseo, níor mhór smaoineamh ar uimhir shealadach rolla a dháileadh chun ligean do mhúinteoirí teacht ar FGL agus tacaíochtaí cuí eile. Ansin d'fhéadfaí staid rialachais na scoile a shoiléiriú. Munar féidir uimhreacha sealadacha rolla ar leith a dháileadh, ba chóir smaoineamh ar scoileanna EROC a bheith mar shaitilítí is iad ceangailte le scoileanna eile chun críocha FGL agus leithdháileadh uimhir rolla.

Géilliúlacht do Chosaint Leanaí:

Le linn na gcuartheanna bhí na múinteoirí ar fad cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta agus Grinnscrúdú An Gharda déanta orthu. In Ionad Mhainistir Eimhín, bhí a bpolasaí féin um chosaint leanaí ag an scoil maraon le Duine Ainmnithe Teagmhála (DLP). San dá ionad eile, d'oibrigh siad faoi pholasaí cuimsitheach an ionaid fhéin agus bhí an stiúrthóir mar DLP. I ngach aon chás taispeánadh ainm an DLP go suntasach.

An bhfuil Soláthar Oideachais cuí ann?

Sna trí hionaid, luaigh na Cigirí go raibh ardchumas foghlama sna ranganna bunscoile. Cé go raibh leanaí ar bheagán Béarla nó gan Bhéarla ar bith ar dtús, mar thoradh ar an tumoideachas sa sprioctheanga bhí an dul chun cinn thar na bearta. Bhí an méid sin soiléir le linn na gcuartheanna. Sna hionaid EROC go léir ligeadh do thréimhse gearr chun socrú isteach sula gclárófaí na leanaí don oideachas. Uaireanta bhíodh deacrachtaí faoi scaradh le tuismitheoirí agus cúiseanna imni faoi leibhéal buairimh. Ar an mórgóir, réitíodh na ceisteanna úd d'fhormhór na leanaí. Le linn na gcuartheanna léirigh a bhformhór spéis, spreagadh agus gníomhaíocht sa bhfoghlaim.

Ar an iomlán ba léir ardchaighdeán múinteoireachta sna suímh bunscoile agus tréaniarrachtaí ar a chinntiú go mbeadh taithí leathan ag na daltaí ar shaol an tseomra ranga lárshrutha. Ba

léir san go mórmhór ó thaispeántais, acmhainní agus leagan amach, maraon le pleanáil agus cleachtais mheasúnaithe na foirne. Inmholta freisin bhí réimse agus cothromaíocht an churaclaim. Tógadh ceann den idirdhealú in oiriúint do réimse leathan cumas na ndaltaí agus de dhaltaí a d'imigh ar aghaidh go tapaidh ó ghrúpa go chéile de réir feabhas ag teacht ar a scileanna teanga.

Cé gur bunaíodh na hionaid EROC ar fad mar dhídean do theaghlaigh go ceann suas le trí mhí, tharla go raibh a bhformhór fós ann le tamall maith ina dhiaidh sin. Bunaíodh na scoileanna chun leanaí a ullmhú don aistriú go scoileanna lárshrutha, go príomha sa cheantar ina mbeidís lonnaithe ar deireadh. Cé go bhfuil oideachas ar an iomlán ar ardchaighdeán á sholáthar, cuireann ganntanas acmhainní (mar shampla, áiseanna Corpoideachais) agus tacaíochtaí bac ar an bhfreastal a dhéantar ar riachtanais na ndaltaí go ceann tréimhse níos faide. Maidir le tréimhse fada a chaitheamh i scoil EROC, cé gur láthair seasmhach í trínar féidir dul i dtaithe ar churaclam na hÉireann, mar sin féin ní chabhraítear leis na daltaí chun plé agus bualadh go saoráideach le leanaí na háite. In ainneoin na ndeacrachtaí a bhaineann le tithíocht, d'éirigh le scoil amháin EROC na daltaí a aistriú go scoil lárshrutha laistigh de trí mhí, cé go raibh costais iompair go baile mór eile ag baint leis sin. Sa chás úd, pé scéal é, socraíodh cúrsaí iompair i measc na dtuismitheoirí agus iad siúd in ann teacht ar chlár oideachais dóibh fhéin freisin. Moltar go scaipfí eolas ar an modh aistrithe seo ar na hionaid EROC ar fad le súil an nós a leathnú ar fud an chórais.

Agus na cuairteanna cigireachta ar siúl, bhí oideachas ar shuíomh ag cuid de na daltaí iarbhunscoile. Cé go raibh teagasc is foghlaim go maith, níor dhóca go bhfeabhsódh an réimse cúng ábhar de dheasca an leibhéil fhoirne lena linn sin. Toisc nach raibh i gceist ach líon beag daltaí agus a gcuid riachtanais idir shóisialta agus iomlánaíoch, ba chóir iarracht níos fearr a dhéanamh ar dhaltaí iarbhunscoile a chlárú ag iarbhunscoil áitiúil lárshrutha tar éis tréimhse an-ghearr taithe san scoil EROC.

Soláthar Oideachais sa Todhchaí

Mar a luadh cheana féin, forbraíodh na scoileanna EROC mar go raibh gá le hoideachas a sholáthar do ghrúpaí dídeanaithe le linn gearrthréimhse sna hionaid mar a moladh. Go mórmhór ag leibhéal bunscoile, bheadh gá le tréimhse chun socrú síos agus dul i dtaithe ar chóras oideachais na hÉireann, teanga nua agus níor mhór a gcuid riachtanais a mheas. Nuair a shíntear an tréimhse úd san EROC (os cionn trí mhí), caithfear na daltaí úd a imeascadh go hiomlán sna scoileanna áitiúla mar sin an chéad chéim i dtreo iad a lonnú go seasmhach in áit éigin eile in Éirinn. Moltar, dá réir sin, go leantar leis na bunscoileanna EROC ach teorainn a bheith leis an dtréimhse a chaitear iontu. Cé go moltar 3 mhí, aithnítear

go gcaithfear a bheith solúbtha i gcásanna áirithe, mar shampla, nuair a shocraítear cóiríocht fhadtéarmach ar láthair éigin eile is go bhfuiltear chun an teaghlach a bhogadh i gceann cúpla seachtaine, nó má táthar gar don deireadh téarma agus go gceaptar gurbh fhearr do na daltaí an t-aistriú ag tosach an téarma nua.

Ní bhíonn foireann ná acmhainní ag na scoileanna beaga EROC chun réimse leathan ábhar ná ócáidí teagmháil shóisialta oiriúnach dá haos a sholáthar do dhaltaí iarbhunscoile. Is fíor, áfach, go mb'fhéidir go mbeadh sé oiriúnach ligean dóibh tréimhse an-ghairid a chaitheamh i scoil EROC, coicíos go hidéalach, chun seans a thabhairt dóibh socrú isteach i ngnáthamh scoile.

Laistigh de na moltaí seo um thodhchaí na scoileanna EROC, baineann míreanna eile na tuairisce seo le tacaíochtaí, seirbhísí is áiseanna atá de dhíth chun a chinntiú go dtugann na scoileanna seo soláthar mar is cóir maidir le riachtanais na leanaí is daoine óga, idir oideachais, siceolaíoch agus sóisialta.

Riachtanais um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) na Múinteoirí EROC

Sna scoileanna úd, bíonn dúshlán roimh na múinteoirí clár oideachais a sholáthar do leanaí is daoine óga ag a mbíonn riachtanais éagsúla idir shóisialta, mothúchán, iompair agus oideachais. Ní mar a chéile iadsan agus an gnáthscoláire ag tosú ar scoil, bíonn easpa eolas againn ar bhuanais is riachtanais acu. Beidh a scéal féin ag gach aon duine maidir le tráma agus buanna a tharla ar an dturas go hÉirinn. Beidh próifíl foghlama ag cách. Moltar an Comhad Tacaíochta Dalta mar ghléas chun an t-eolas úd a bhailiú is a chur ar aghaidh san ionad mar a bhfuil siad faoi láthair agus sa scoil a ghlacfaidh leo. Bhainfeadh foireann EROC leas as teacht ar sheirbhísí tacaíochta chun éagsúlacht an ghá a thuiscint agus déanamh dá réir. D'aithin múinteoirí agus siceolaithe NEPS na réimsí seo a leanas ina mbeadh sé oiriúnach oiliúint agus tacaíocht bhreise a ofráil:

- Scolaíocht a thuigeann cúrsaí tráma
- Scoláirí a mhúineadh a bhfuil Béarla mar an dara theanga acu
- Saothrú le lucht mionlaigh
- An Contanam Tacaíochta, an Comhad Tacaíochta Dalta san áireamh
- Aistriú go scoil lárshrutha

Moltar go ligtear d'fhoireann EROC leas a bhaint as deiseanna áirithe oiliúna anuas ar a bheith san áireamh ó thaobh deiseanna FGL de sna hIonaid Oideachais Áitiúla. Ba chóir tús áite a thabhairt d'fhoireann EROC a lorgaíonn oiliúint de chuid NEPS, mar shampla oiliúint in Na Blianta Dochreidte, CAIRDE, Tacaíocht i gcás Eachtra Contúirteach agus an Contanam Tacaíochta.

Riachtanais Soláthair Iomlánaíoch agus Soláthair Eile

Moltar go smaoinítear arís ar shlite chun go dtacaí an NEPS agus Seirbhísí eile Tacaíochta ROS le múinteoirí na ndéanaithe leanaí i réimse suíomh, iad siúd sna EROC san áireamh.

Tacaíochtaí Riachtanacha eile

Cabhair sa tSeomra Ranga

Toisc nach mbíonn aon taithí ag leanaí áirithe ar oideachas foirmiúil, bíonn breis riachtanais acu maidir le struchtúir, gnáthaimh agus taithí ná mar a bheadh ag an ngnáthdhuine. Toisc nár tógadh an-chuid seomraí ranga sna EROC mar sheomra ranga, bíonn easpa sa struchtúr. Uaireanta ní bhíonn leithreas in aice láimhe (nó bheadh teacht ag daoine fásta ar an leithreas), d'fhéadfadh láithreacha súgartha a bheith píosa maith ón seomra ranga. Dá réir sin beidh gá le maoirsiú breise mar is cuí ag duine fásta ar son cosaint leanaí. Moltar go smaoiní an RDCC ar mhodhanna a chinnteoidh go dtógtar san dáileadh foirne de riachtanais iomlán idir dhaoine fásta is leanaí sa chás seo.

Aiseanna Súgartha

Ní i gcónaí a bhíonn áiseanna cuí súgartha sna hionaid (laistigh agus lasmuigh) do na leanaí. Tugadh faoi deara gur scileanna sóisialta a bhí de dhíth ar roinnt leanaí agus deiseanna uathu teacht ar struchtúr éigin a ligfeadh dóibh fearas súgartha a roinnt le leanaí eile, uain a ghlacadh, cloí le rialacha grúpa nó achrann a réiteach. Moltar, más féidir, spás tiomanta súgartha a bheith i ngach ionad, é ar fáil ar feadh an lae scoile agus réimse oiriúnach ábhar súgartha ar fáil ann. Bíonn gá freisin le spás súgartha lasmuigh, é slán sábháilte agus caoi mhaith air mar ní mór timpeallacht spreagthach a sholáthar do ghníomhaíochtaí súgartha.

Tacú le hAistriú

Réimse rithábhachtach ná tacú le leanaí ag aistriú ó EROC go soláthar lárshrutha. Moltar pleananna a bheith ag EROC chun an t-aistriú úd a éascú. Mar shampla, ba chóir tuismitheoirí a chur ar an eolas faoi scoileanna áitiúla ags cleachtais iontrála. Caithfear Comhad Tacaíochta Dalta a choimeád do chách a fhreastalaíonn ar na hionaid mar beidh sé sin mar bhonn do thaifid á roinnt le scoileanna lárshrutha i bhformáid a mbeadh taithí acu siúd uirthi. Anuas air sin, tá Próifíl Aistrithe Dalta an NEPS in úsáid ar fud na tíre do scoláirí ag a mbíonn SEN is iad ag aistriú ón mbunscoil go meánscoil. Féadfar é sin a chur in oiriúint don dream seo ag aistriú ó EROC. Moltar, nuair is féidir, deis a thabhairt do leanaí is tuismitheoirí cuairt a thabhairt ar an scoil nua roimh ré agus go dtugtar deis do bhaill foirne ón scoil nua cuairt a thabhairt ar an EROC fad is atá an leanbh fós ar scoil ansiúd. Ar an gcuma san, bheadh an leanbh a bhí tar éis dul trí an-chuid athrú agus clampar in ann teacht ar dhuine a d'aithneodh é/í nuair a d'aistreadh sé/sí go dtí an scoil nua.

Moltar freisin soiléireacht maidir le cé a bhíonn freagrach as suiteáil scoile do gach leanbh agus na struchtúir a bhíonn i bhfeidhm chun tacú le haistriú éifeachtach. Tuigtear go mbíonn Oifigigh Leasa Oideachais ag Tusla a bhíonn freagrach as a chinntiú go gcláraítear gach leanbh idir aois 6 agus 16 i scoil de chuid an Stáit. Ba chóir go gcaithfeadh scoileanna EROC freisin tuairisc a thabhairt ar na scoláirí atá cláraithe acu maraon le tinreamh mar a dhéanann na scoileanna aitheanta.

Monatóireacht sa Todhchaí

Tá tuairisc sa doiciméad seo ar cháilíocht an tsoláthair oideachais agus cúram do dhíorma leanaí ag am suntasach aistrithe sa tsaol acu. Luann an tuairisc fianaise a bhailigh cigirí is siceolaithe i gcomhar le chéile trí bhreathnú agus comhráití le foireann EROC. Is cosúil go dtiocfaidh athrú ar na scoileanna EROC le himeacht aimsire má bhíonn scoláirí de shíor ag imeacht agus dreamanna eile ag teacht isteach sa tír ina ndiaidh. De réir tiomantas na Roinne i leith réimse suíomh eile d'fhoghlaimoírí leochaileacha a mheas in aghaidh na bliana, ba chóir go smaoinodh an Chigireacht agus NEPS ar chuartheanna bliantúla ar scoileanna EROC chun monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí agus feabhsúcháin a mholadh. Chun síneadh a chur leis an mbonn fianaise do thuairiscí amach anseo, ba chóir modhanna a fhorbairt fós chun tuairimí tuismitheoirí is leanaí faoin soláthar, cúram agus a gcuid riachtanais fhéin a bhailiú agus a chur san áireamh

Torthaí

- Forbraíodh na scoileanna sna trí hionad EROC chun freagairt don líon mór dídeanaithe teaghlaigh a tháinig go tapaidh i ndiaidh a chéile mar fhreagra ar ghéarchéim daonchairdiúil. Measadh ar dtús go bhfanfadh na teaghlaigh sna hionaid EROC go ceann trí nó ceithre mhí ach d'fhan mórán teaghlach i bhfad níos faide ar chúiseanna nach raibh smacht ag na hionaid ná ag an RDCC orthu.
- Bunaíodh an soláthar oideachais sna EROC mar bheart eatramhach is mar chabhair do dhídeanaithe teaghlaigh a bhreith isteach agus taithí a thabhairt dóibh sa chás nárbh fhéidir nó nach raibh sé praiticiúil leanaí a chlárú i scoil áitiúil. D'fhreagair na scoileanna go héifeachtach do riachtanais oideachais na scoláirí.
- Toisc nach scoileanna aitheanta iad na scoileanna EROC de réir an Roinn Oideachais (agus dá réir sin nach bhfuil uimhreacha rolla acu) bíonn múinteoirí faoi bhac is iad ag iarraidh teacht ar FGL agus tacaíochtaí do na daltaí. Baineann dúshlán rialachais freisin leis an neamhaitheantas.

- Tá teagasc agus foghlaim ar ardchaighdeán sna suímh seo agus is léir go dtacaítear leis na leanaí i dtimpeallacht dearfach shábháilte agus go bhforbraítear scileanna pearsanta is teanga go han-éifeachtach ar fad.
- In ainneoin an dul chun cinn úd, tá an soláthar deighilte amach is ní raibh sé riamh i gceist an córas a choimeád mar réiteach fadtéarmach.
- D'éirigh go breá le hionad amháin a bhí in ann a gcuid scoláirí bunscoile a aistriú isteach i scoil lárshrutha i mbaile in aice láimhe tar éis trí mhí. Tá sé i gceist ag na scoileanna EROC ar fad cur lena naisc le scoileanna áitiúla chun cabhrú leis na daltaí ag aistriú go hoideachas lárshrutha.
- Pé scéal é, níor éirigh le haon ionad a gcuid scoláirí a chuimsiú isteach sa bhunscoil lárshrutha ba ghaire dóibh. Chun imeascadh a chur chun cinn, níor mhór don ROS na constaicí roimh a leithéid d'imeascadh a scrúdú. B'fhéidir go bhféadfaí lamháltais mar chabhair deontais, foirne nó tacaíochtaí eile a thabhairt do na scoileanna lárshrutha áitiúla chun teacht ar réiteach.
- Caolaítear an curaclam do scoláirí iarbhunoideachais de dheasca leibhéil fhoirne agus easpa saineolas ar na hábhair. D'éirigh le dhá ionad a gcuid scoláirí iarbhunscoile a aistriú go scoileanna lárshrutha áitiúla. Tá gá le scoláirí dara leibhéil a imeascadh isteach i scoileanna lárshrutha áitiúla tar éis gearrthréimhse ag teacht isteach ar an gcóras i scoil EROC.
- Ag na leanaí is daoine óga sna EROC bíonn réimse leathan riachtanais idir shóisialta, mhothúchán, iompair agus oideachais. Tá gá le córais chun na riachtanais úd a aithint, a thaifeadadh is a chur in iúl. Caithfear na cláir fhoghlama a chur in oiriúint dá gcuid riachtanais agus buanna chun gur féidir leo bogadh ar aghaidh ar bhonn sásúil isteach i gCóras Oideachais na hÉireann.
- Ar deireadh thiar, agus an tuairisc seo á hullmhú, díriodh ar na Cigirí agus na Siceolaithe NEPS le chéile ag míniú riachtanais oideachasúla na ndéanaithe leanaí a mhaireann sna EROC. Ní mór saothar breise chun teacht ar thaithí agus tuairimí na ndéanaithe leanaí agus a dtuismitheoirí.

Moltaí

Clárú scoláirí agus tinreamh

- Ba cheart an tréimhse ar dtús chun socrú isteach sna scoileanna EROC a choimeád chun go mbeidh taithe ag leanáí in aois bunscoile ar chóras oideachais na hÉireann ach, go hidéalach, ba chóir teorainn ama trí mhí a chur leis sin. I ndálaí áirithe bheadh gá le solúbthacht dá mbeadh síneadh leis an socrú ar son leas an linbh.
- Ba chóir na scoláirí EROC dara leibhéal ar fad a chlárú i scoileanna lárshrutha áitiúla agus tacaíochtaí a thabhairt dóibh, tar éis tréimhse an-ghearr a chaitheamh ag teacht isteach ar an gcóras i scoil EROC.
- Ba chóir do bhainistíocht gach aon scoil EROC a chinntiú go mbíonn fad an lae scoile ar chomhchéim lena mbíonn ar fáil sna scoileanna lárshrutha do gach catagóir aoise na scoláirí.

Aistriú scoláirí go scoileanna lárshrutha

- Ba chóir na constaicí a bhraitear roimh imeascadh scoláirí EROC i mbunscoileanna áitiúla a scrúdú chun a fháil amach arbh fhiú lamháltais mar chabhair deontais, foirne nó tacaíochtaí eile a thabhairt do na scoileanna lárshrutha áitiúla chun teacht ar réiteach. Nuair nach féidir go dleathach scoláirí a chlárú, ba chóir smaoineamh ar iompar a mhaoiniú chun iad a bhreith chuig scoil beagán níos faide uathu.
- D'éirigh go breá le samhail Mhainistir Eimhín chun daltaí bunscoile a aistriú go luath go scoil lárshrutha áitiúil. Dá bhrí sin níor mhór an t-eolas úd a scaipeadh ar ionaid eile EROC le súil an tsamhail a leathnú ar fud an chórais.
- Moltar an Comhad Tacaíochta Dalta a roinnt leis an scoil nua, deis a thabhairt do leanáí cuairt a thabhairt ar an scoil nua roimh ré agus go dtiocfadh baill foirne ón scoil nua go dtí an EROC fad is atá an leanbh fós ar scoil ansiúd.
- Moltar soiléireacht faoin ról atá ag Oifigigh Leasa Oideachais/Tusla maidir le leanáí a aistriú go héifeachtach ó sholáthar EROC go scoileanna áitiúla.
- Tá deis ann cur le comhsheasmhacht a fheidhmiú ar fud na gcleachtas difriúil sna trí ionad.

Áiseanna scoile agus soláthar foirne

- Níor mhór spás tiomanta súgartha a bheith i ngach scoil, seomra céadfaíoch freisin go hidéalach, maraon le spás súgartha lasmuigh, é slán sábháilte agus caoi mhaith air chun timpeallacht spreagthach a sholáthar do ghníomhaíochtaí súgartha.

- Maidir le dáileadh foirne moltar go gcinntí an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais go dtógtar ceann de riachtanais na ndaoine fásta agus na leanaí go léir maidir le cúrsaí cosaint leanaí.

Tacaíochtaí do scoláirí agus scoileanna

- Moltar leas a bhaint as an gComhad Tacaíochta Dalta mar áis teagmhála chun eolas a roinnt ar bhuanna agus riachtanais na leanaí is daoine óga.
- Moltar ligean d'fhoireann EROC leas a bhaint as deiseanna áirithe oiliúna anuas ar a bheith san áireamh ó thaobh deiseanna FGL de sna hIonaid Oideachais Áitiúla.
- Moltar smaoineamh ar shlite chun go dtacaí an NEPS agus Seirbhísí eile Tacaíochta ROS le múinteoirí na ndídeanaithe leanaí i réimse suíomh, iad siúd i soláthar EROC san áireamh.

Tuairimí scoláirí agus tuismitheoirí

- Agus pleananna á bhforbairt don mhonatóireacht ar scoileanna EROC sa todhchaí, ba chóir teacht ar mhodhanna chun a dtaithe agus tuairimí féin a fháil ó na dídeanaithe leanaí agus a dtuismitheoirí.

Aitheantas agus rialú scoileanna

- I gcomhthéacs ról agus feidhm na scoileanna EROC a chinntiú, níor mhór smaoineamh ar aitheantas sealadach a thabhairt (maraon le huimhir shealadach rolla) chun ligean do mhúinteoirí teacht ar FGL agus tacaíochtaí cuí eile do na scoláirí. Ansin d'fhéadfaí staid rialachais na scoile a shoiléiriú. Munar féidir an réiteach úd a fheidhmiú, ba chóir smaoineamh ar scoileanna EROC a bheith mar shaitilítí is iad ceangailte le scoileanna eile.
- De réir tiomantas na Roinne do chigireachtaí rialta a bhunú ar shuímh a bhíonn ag freastal ar fhoghlaimoirí leochaileacha, ba chóir smaoineamh ar chigireacht bhliantúil do na scoileanna EROC.

Tagairtí

Arnold, S. agus Ní Raghallaigh, M. (2017). Unaccompanied minors in Ireland: Current Law, Policy and Practice. *Social Work and Society*. Iml. 15, Uimh. 1, 1-18.

Arnot, Madeline agus Pinson, Halleli (2005). *The Education of Asylum-Seeker and refugee Children. A Study of LEA and School Values, Policies and Practices*. University of Cambridge.

Bryant, Anna (2017) Supporting Schools to Support refugees. EDpsy.org.uk
Carlow Rohingya Resettlement Programme- Carlow Count Development Board-
Summary of NEPS involvement. (2011-2014).

Carter, Megahn agus Fabian, Natalie (undated) A Three-Tier Approach to School-Based Support for refugee Children. Powerpoint presentation. Chapman University.

Cityofsanctuary.org (2017) Schools of sanctuary. Child refugees Welcome? How schools can help.

Cranitch, Mary. (2010). Developing language and literacy skills to support refugee students in transition from primary to secondary school. *Australian Journal of Language and Literacy*, Iml. 33, Uimh.3, lgh. 255-267.

CYPSC, Emma Berney (2017). Hazel Hotel Emergency Reception and Orientation Centre (EROC), Monasterevin: Sharing the Learning, Summary report, Feabhra 2017.

DCYA (2013). Working to Belong: Children in migrant families negotiating the relationship between home and school in primary schools in Ireland. *Tuairisc ar Thaighde*, Nóta Uimh.21.

BOO (2017). Irish Refugee Protection programme, Education Provision by the BOO Sector. *Nótaí Tuairisce ó BOO Chill Dara agus Chill Mhanntáin, BOO na Gaillimhe agus Ros Comáin, BOO Lú agus na Mí, BOO Phort Láirge agus Loch Garman*.

Eurydice Questionnaire (in press) The Integration of Migrant Student in Schools in Europe.

Ferfolja, Tania and Vickers, Margaret (2010). Supporting refugee students in school education in Greater Western Sydney. *Critical Studies in Education*. Iml. 51, (2), lgh. 149-162.

Fraine, Nicole, and McDade, Rossana (2009). Reducing bias in psychometric assessment of culturally and linguistically diverse students from refugee backgrounds in Australian schools: A process approach. *Australian Psychologist*, Iml 44 (1) lgh.16-26.

Golding, Kim, S. (2008). *Nurturing Attachment, Supporting Children who are Fostered or Adopted*. London. Jessica Kingsley.

Gore Langton, Emma and Boy, Katherine (2017) *Becoming an Adoption Friendly School*. London. Jessica Kingsley.

Hart, Robert (2009). Child refugees, trauma and education: interactionist considerations on social and emotional needs and development. *Educational Psychology in Practice*. *Iml.* 25 (4) *Igh.* 351-368.

Hastings, Catherine (2012). The experience of male adolescent refugees during their transfer and adaptation to a UK secondary school. *Educational Psychology in Practice*, *Iml.* 28 (4) *Igh.* 335-351.

Hennessy, Maureen (undated Powerpoint presentation) *Refugees and Asylum Seekers, Impact of loss and separation*. Institute of Education, University of London.

Hennessy, Richard (1999). *Perceptions of the needs of refugee/asylum seeker children in Irish school: a qualitative analysis*. University College Dublin, *Tráchtas MA Neamhfhoilsithe i Síceolaíocht Oideachais*.

Hughes, Nathan and Beirens, Hanne (2007). *Enhancing Educational Support: Towards holistic, responsive and strength-based services for young refugees and asylum seekers*. *Children and Society*, *Iml.* 21 *Igh.* 261-272.

Hulusi, Halit and Oland, Louise (2010). Using narrative to make sense of transitions: supporting newly arrived children and young people. *Educational and Behavioural difficulties*. *Iml.* 15 (4) *Igh.* 341-351.

Kaplam, Ida (2009). Effects of trauma and the refugee experience on psychological assessment process and interpretation. *Australian Psychologist*. *Iml.* 44 (1) *Igh.* 6-15.

Konig, Wil and Van Halem, Willy (aistriúchán/ oiriúnú le Margaret Grogan) (2016). *A Dutch Model of Psychosocial Support for Refugee Children in School*. ISPA, Coiste Eorpach.

London Borough of Tower Hamlets. (2016). *Supporting Refugee Children in Schools*.

Maher, Marguerite and Smith, Stephanie (2014). Asylum seeker and refugee children belonging, being and becoming: The early childhood educator's role. *Australian Journal of Early Childhood*. *Iml.* 39 (1) *Igh.* 22- 29.

Major, Jae, Wilkinson, Jane, Lungat, Kip (2013). Sudanese young people of refugee background in rural and regional Australia: Social capital and education success. *Australian and International Journal of Rural Education*, Iml. 23, (3) lgh. 95- 105.

Massachusetts Advocates for Children (2005). *Helping Traumatized Children Learn. (Supportive school environments for children traumatized by family violence) A Report and Policy Agenda.*

Massachusetts Advocates for Children (2013). *Helping Traumatized Children Learn 2. (Safe, supportive learning environments that benefit all children) Creating and Advocating for Trauma-Sensitive Schools.*

NASP (2015). *Supporting Refugee Children and Youth: Tips for Educators.* The National Association of School Psychologists.

National Child Traumatic Stress Network (2006). *Ways teachers can help refugee students; Some Suggestions.*

National Child Traumatic Stress Network (2008). *Child trauma Toolkit for Educators.* NUT. (undated) *Welcoming Refugee Children to your School.* A National Union of Teachers Teaching resource.

Siren, Seluck and Rogers-Siren, Lauren (2015). *The educational and mental health needs of Syrian Refugee Children.* Migration Policy Institute.

Strekalova, Ekaterian and Hoot, James (2008). *What is special about the special needs of refugee children? Guidelines for teachers.* *Multicultural Education*, Fall 2008, lgh. 21- 24.

Victorian Foundation for Survivors of Torture Inc. (2000). *Guide to Working with Young People who are Refugees. Strategies for providing individual counselling and group work.*

Victorian Foundation for Survivors of Torture Inc. (2007). *School's In for Refugees. Whole-School Guide to Refugee Readiness.*

Wiseman, Martin and O'Gorman, Shannon (2017). *Seeking refuge: Implications when integrating refugee and asylum seeker students into a mainstream Australian school.* *Discourse and Communication for Sustainable Education.* Iml. 8 (1) lgh. 53-63.